

Féile Sean-nóis

Ard Mhaca Theas



Eochairfhocail: sean-nós, iomráiteach, comórtas, oidhreacht

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Ainmnigh ceardlann amháin a bhí ar siúl mar chuid den Fhéile?
2. Cén t-ainm a bhí ar an amhrán a d'fhoghlaim Fiadh sa cheardlann?
3. Cén deis a thugann an tionól amhránaíochta do dhaoine óga?
4. Céard é an rud a gcuireann lucht eagraithe na Féile an-bhéim air, dar le Bláithín Mhic Cana?
5. An dtaitníonn ceol ar an sean-nós leat?





Cuir na focail san ord ceart

1. deireadh, Féile, ag, Ard Mhacha Theas, an, seachtaine, siúl, ar, Sean-nóis, Bhí

2. amhránaíochta, Bhí, chuid, Fhéile, den, ceardlann, mar, ann

3. páistí, mór, leis, Thaitin, amhránaíochta, an, cheardlann, go, na

4. shaibhir, amhránaíochta, filíochta, oidhreacht, agus, Ard Mhacha, Tá, ag, Theas

5. tionól, Bíonn, ag, bhFéile, anois, an, amhránaíochta, ann



Na Freagraí



1. Ceardlann amhránaíochta
2. Seanbhean bhocht
3. Tugann sé deis dóibh a bheith ag ceol os comhair slua
4. An oidhreacht atá sa cheantar

1. Bhí Féile Sean-nóis Ard Mhacha Theas ar siúl ag an deireadh seachtaine.
2. Bhí ceardlann amhránaíochta ann mar chuid den Fhéile.
3. Thaitin an cheardlann amhránaíochta go mór leis na páistí.
4. Tá oidhreacht shaibhir amhránaíochta agus filíochta ag Ard Mhacha Theas.
5. Bíonn tionól amhránaíochta ann ag an bhFéile anois.

